2023/2539

14.11.2023

CINNEADH (CBES) 2023/2539 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2023

lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais, dar teideal '*Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe*' [Fís Chomhroinnte, Comhghníomhaíocht: Eoraip níos Láidre], a thíolaic Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') an 28 Meitheamh 2016, dearbhaítear tacaíocht an Aontais do chonarthaí agus córais iltaobhacha dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm a uiliú, a chur chun feidhme go hiomlán agus a fhorfheidhmiú.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus arm áin éadroma aindleathacha agus a n-armlón ('Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint'). Luaitear sa Straitéis, *inter alia*, go leanfaidh an tAontas de rialú freagrach agus éifeachtach ar onnmhairiú arm a chur chun cinn agus de thacú leis an gConradh Trádála Arm ('CTA') a uiliú agus a chur chun feidhme.

(3) An 5 Meitheamh 1998, ghlac an tAontas Cód Iompair maidir le hOnnmhairiú Arm atá ceangailteach ó thaobh na polaitíochta de, ina leagtar síos critéir choiteanna chun trádáil dhlíthiúil gnátharm a rialáil.

(4) Cuireadh Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([1]), lena mbunaítear ocht gcritéar a bhfuil measúnú le déanamh ar iarratais ar onnmhairiú gnáth-arm ina leith, in ionad an Chóid Iompair maidir le hOnnmhairiú Arm an 8 Nollaig 2008. Tá roinnt tríú tíortha tar éis iad féin a ailíniú leis an gComhsheasamh sin. Mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES in 2019, glacadh Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle ([2]).

(5) Luaitear in Airteagal 11 de Chomhsheasamh 2008/944/CBES go ndéanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun Stáit eile a onnmhairíonn teicneolaíocht mhíleata nó trealamh míleata a spreagadh chun na critéir a leagtar amach sa chomhsheasamh sin a chur i bhfeidhm.

(6) Tháinig CTA i bhfeidhm an 24 Nollaig 2014. Is é is aidhm do CTA trédhearcacht agus freagracht sa trádáil arm a neartú. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme agus uiliú éifeachtach CTA trína chláir thiomnaithe arna nglacadh faoi Chinntí 2013/768/CBES ([3]), (CBES) 2017/915 ([4]), agus (CBES) 2021/2309 ón gComhairle ([5]). Cuidíonn na cláir sin le roinnt tríú tíortha, arna iarraidh sin dóibh, a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú i gcomhréir le ceanglais CTA.

([1]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).
([2]) Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 239, 17.9.2019, lch. 16).
([3]) Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56).
([4]) Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).
([5]) Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78).

(7) Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, comhlántacht a áirithiú idir na gníomhaíochtaí for-rochtana agus cúnaimh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus na gníomhaíochtaí sin dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2021/2309. Chuige sin, ba cheart malartuithe faisnéise rialta a dhéanamh idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme le haghaidh ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm, chomh maith leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Leis an sásra comhordúcháin sin, spreagfar saineolaithe ó Bhallstáit eile a bheith rannpháirteach nuair is ábhartha.

(8) Ó 2008 i leith, faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle ([6]) agus faoi Chinntí 2009/1012/CBES ([7]), 2012/711/CBES ([8]), (CBES) 2015/2309 ([9]), (CBES) 2018/101 ([10]) agus (CBES) 2020/1464 ([11]) ón gComhairle, tá forbairt tagtha ar ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialuithe éifeachtacha trédhearcacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, tacaíodh go háirithe le tuilleadh comhar réigiúnach agus feabhsaíodh an trédhearcacht agus freagracht mhéadaithe i gcomhréir le prionsabail Chomhsheasamh 2008/944/CBES agus leis na critéir measúnaithe riosca a leagtar amach ann. Go tradisiúnta, leis gníomhaíochtaí atá i gceist, thugtaí aghaidh ar na tríú tíortha i gcomharsanachtaí in oirthear agus i ndeisceart an Aontais. Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2018/101, cuireadh an Áise Láir le grúpa na dtíortha comhpháirtíochta a fhaigheann cúnamh. Faoi Chinneadh (CBES) 2020/1464, cuireadh an Mhongóil le grúpa na dtíortha comhpháirtíochta freisin, tar éis iarraidh speisialta a fháil ón tír sin.

(9) Le blianta beaga anuas, tá cúnamh curtha ar fáil ag an Aontas chun feabhas a chur ar na rialuithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide i dtríú tíortha. Ba cheart comhordú éifeachtach a áirithiú leis na gníomhaíochtaí sin atá ábhartha do rialuithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide.

(10) Chuir an Chomhairle de chúram ar Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle ('BAFA') Cinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309, (CBES) 2018/101 agus (CBES) 2020/1464 a chur chun feidhme go teicniúil. Is gníomhaireacht cur chun feidhme é BAFA freisin i gcás na dtionscadal sin lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtach CTA faoi Chinntí 2013/768/CBES, (CBES) 2017/915 agus (CBES) 2021/2309. Ó 2005 i leith, tá BAFA i mbun roinnt tionscadal comhair de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse na rialuithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide. Is é BAFA an t-údarás inniúil rialaithe ar onnmhairiú sa Ghearmáin, agus tá neart eolais agus saineolais forbartha aige maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana, chomh maith lena chroí inniúlachtaí a chomhroinnt le húdaráis inniúla Stát eile.

(11) Leis na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo tríd an gCinneadh seo, rannchuidítear le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón ('Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint') agus Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do thionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn.

([6]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2008 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chód Iompair an Aontais Eorpaigh maidir le hOnnmhairiú Arm a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 75, 18.3.2008, lch. 81).

([7]) Cinneadh 2009/1012/CBES ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 348, 29.12.2009, lch. 16).

([8]) Cinneadh 2012/711/CBES ón gComhairle an 19 Samhain 2012 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 321, 20.11.2012, lch. 62).

([9]) Cinneadh (CBES) 2015/2309 ón gComhairle an 10 Nollaig 2015 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 326, 11.12.2015, lch. 56).

([10]) Cinneadh (CBES) 2018/101 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 17, 23.1.2018, lch. 40).

([11]) Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3).

2. Is iad seo a leanas cuspóirí an tionscadail dá dtagraítear i mír 1:

(a) rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm arna dhéanamh ag tríú tíortha a chur chun cinn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i gComhsheasamh 2008/944/CBES agus i CTA;

(b) tacú le hiarrachtaí tríú tíortha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun cur le freagracht agus trédhearcacht na trádála i ngnáth-airm, agus an baol go ndéanfaí airm a atreorú chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a mhaolú.

3. Cuirfear na gníomhaíochtaí tionscadail chun feidhme i gcomhlántacht agus i sineirgíocht le tionscadail chúnaimh an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar ghnáth-airm agus ar earraí dé-úsáide agus, i gcás inarb iomchuí, le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin.

4. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Is é an tArdionadaí a bheidh freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle ('BAFA'), a dhéanfaidh cur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh BAFA a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le BAFA.

Airteagal 3

1. EUR 682 464,03 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid tagartha airgeadais a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Maoirseoidh an Coimisiún bainistiú cuí an mhéid tagartha airgeadais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcrích le BAFA. Forálfar sa chomhaontú go bhfuil BAFA chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh iomchuí dá mhéid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a dtabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag BAFA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Cuirfidh an Coimisiún eolas ar fáil maidir le gnéithe airgeadais a bhaineann le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Rachaidh sé in éag 14 mhí tar éis an dáta a dtabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích, nó 6 mhí tar éis an dáta a nglacfar é mura mbeidh an comhaontú is gá tugtha i gcrích sula rachaidh an tréimhse sin in éag.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

TIONSCNAMH MAIDIR LE DUL CHUN CINN RIALUITHE ÉIFEACHTACHA AR ONNMHAIRIÚ ARM

1. Cuspóirí

Is é is cuspóir don Chinneadh seo an chuntasacht agus an fhreagracht a chur chun cinn maidir le trádáil dhlíthiúil arm i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES, rud a chuirfidh leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht i dtíortha atá i gcomharsanacht an Aontais. Is iad cuspóirí an Chinnidh seo rialuithe feabhsaithe ar aistrithe arm arna dhéanamh ag tríú tíortha a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí tríú tíortha, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, trádáil idirnáisiúnta i ngnáth-airm a dhéanamh níos freagraí agus níos trédhearcaí, agus an baol go ndéanfaí airm a atreorú chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a mhaolú. Ba cheart na cuspóirí sin a bhaint amach trí chur chun cinn na bprionsabal agus na gcritéar a leagtar amach i gComhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle, agus in CTA. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis na torthaí sin éifeachtacht na gcóras náisiúnta onnmhairiúcháin arm i dtíortha spriocdhírithe a mhéadú: tuairisceoidh an ghníomhaireacht cur chun feidhme ar athruithe dlíthiúla agus institiúideacha agus ar athruithe ábhartha eile agus ar a n-ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES agus, i gcás inarb iomchuí, le CTA. Ba cheart na torthaí sin a shaothrú agus comhlántacht agus sineirgí á lorg le tionscadail leanúnacha cúnaimh an Aontais chun tacú le cur chun feidhme CTA agus i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide. Ní bheidh forluí idir raon feidhme na dtairbhithe faoin gCinneadh seo agus na tairbhithe a chumhdaítear faoi Chinneadh (CBES) 2021/2309, seachas mar a thuairiscítear faoi 6.2.

D'fhonn na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, ba cheart don Aontas leanúint de chaighdeáin Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn, lena gcuirtear leis an méid a baineadh amach trí chur chun feidhme Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES agus Chinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309, (CBES) 2018/101 agus (CBES) 2020/1464. Chun na críche sin, ba cheart cúnamh a thabhairt do thriú tíortha is tairbhithe chun bearta ábhartha reachtacha, riaracháin agus institiúideacha a dhréachtú, a nuashonrú agus a chur chun feidhme, mar is iomchuí, lena dtacaítear le córas éifeachtach rialuithe aistrithe gnáth-arm.

Ba cheart tacú freisin le hoiliúint oifigeach ceadúnúcháin agus forfheidhmithe atá freagrach as rialuithe aistrithe arm a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus do bhearta náisiúnta agus réigiúnacha lena gcuirtear trédhearcacht agus grinnscrúdú iomchuí ar onnmhairiú gnáth-arm chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart teagmhálacha leis an earnáil phríobháideach (lena n-áirítear lucht tionsclaíochts, institiúidí taighde agus lucht acadúil) a chur chun cinn d'fhonn a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht agus rialacháin maidir le rialú aistrithe arm a chomhlíonadh, ag díriú go háirithe ar chláir inmheánacha um chomhlíonadh (ICPanna).

2. An ghníomhaireacht cur chun feidhme a roghnú

Cuirtear cur chun feidhme an Chinnidh seo faoi chúram BAFA. I gcás inarb iomchuí, beidh BAFA i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí rialaithe onnmhairí na mBallstát, le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta, le meithleacha machnaimh, le hinstitiúidí taighde agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá taithí ceannaireachta ag BAFA i soláthar cúnaimh rialaithe onnmhairí agus gníomhaíochtaí for-rochtana. Tá an taithí sin faighte aige i réimsí ábhartha uile rialú straitéiseach na n-onnmhairí, lena dtugtar aghaidh ar earraí dé-úsáide a bhaineann le CBRN agus ar earraí míleata. Trí na cláir agus na gníomhaíochtaí sin, tá eolas cuimsitheach faighte ag BAFA ar chórais rialaithe onnmhairí maidir le formhór na dtíortha a áirítear sa Chinneadh seo.

Maidir le cúnamh agus for-rochtain i ndáil le rialú onnmhairí arm, d'éirigh le BAFA Cinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309 (CBES) 2018/101 agus (CBES) 2020/1464 a chur chun feidhme go huile agus go hiomlán. Tá BAFA i gceannas freisin ar chur chun feidhme teicniúil chlár tacaíochta cur chun feidhme CTA arna bhunú le Cinntí 2013/768/CBES, (CBES)2017/915 agus (CBES) 2021/2309.

Is é an éifeacht fhoriomlán atá ann go bhfuil BAFA in áit ar leith chun láidreachtaí agus laigí na gcóras rialaithe onnmhairiúcháin sna tíortha sin a bheidh ina dtairbhithe do na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a shainaithint. Is é BAFA is fearr is féidir leis sineirgí a éascú idir an cúnamh éagsúil maidir le rialú ar onnmhairiú arm agus na cláir fhor-rochtana agus dúbailt a sheachaint. Tá sé sin thar a bheith ábhartha do thíortha is tairbhithe a fuair tacaíocht faoi chláir comhair de chuid an Aontais a bhí ann roimhe seo chun an acmhainneacht áitiúil a neartú maidir leis an gcóras náisiúnta rialaithe ar thrádáil arm a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na forbairtí le déanaí.

3. Comhordú le tionscadail chúnaimh eile de chuid an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais a bhí ann roimhe seo i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin lena gcumhdaítear earraí dé-úsáide agus gnáth-airm araon, ba cheart sineirge agus comhlántacht a lorg. Chuige sin, ní dhéanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i Roinn 5 ach amháin i dtíortha nach bhfuiltear ag díriú orthu cheana féin trí ghníomhaíochtaí faoi thionscadal cúnaimh for-rochtana CTA, seachas i gcásanna eisceachtúla mar a thuairiscítear i roinn 6.2. I gcás inarb iomchuí, féadfar sineirge a lorg i gcomhar le gníomhaíochtaí eile arna maoiniú trí bhuiséad CBES nó le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le rialuithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide arna maoiniú trí ionstraimí airgeadais an Aontais seachas buiséad CBES. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis na teorainneacha dlíthiúla agus airgeadais a leagtar síos le haghaidh úsáid ionstraimí ábhartha airgeadais de chuid an Aontais.

Chuige sin, déanfar malartuithe rialta faisnéise idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais i réimse an rialaithe onnmhairiúcháin, agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tríd an sásra comhordúcháin atá bunaithe cheana féin ar bhonn foirmiúil. Ba cheart rannpháirtíocht saineolaithe ó Bhallstáit eile an Aontais a spreagadh, nuair is ábhartha.

4. Comhordú le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin

I gcás inarb iomchuí, ba cheart sineirge agus comhlántacht le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na for-rochtana maidir le rialú onnmhairiúcháin a lorg. Mar a luaitear i roinn 3, ba cheart an comhordú le deontóirí eile a dhéanamh go háirithe do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bhforanna 5.2.1 go 5.2.2 agus 5.2.4.

5. Cur síos ar ghníomhaíochtaí tionscadail

5.1. Cuspóirí tionscadail

Is é an príomhchuspóir cúnamh teicniúil a thabhairt do roinnt tíortha is tairbhithe a bhfuil sé léirithe acu go bhfuil siad toilteanach a gcaighdeáin agus a gcleachtais maidir le rialú ar onnmhairiú arm a fhorbairt. Chuige sin, cuirfear san áireamh sna gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh stádas na dtíortha is tairbhithe, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

— go mbeidís ina mbaill, nó go mbeadh iarratas ar bhallraíocht déanta acu, i gcórais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí a bhaineann le haistriú gnáth-arm agus aistriú earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide;

— a n-iarrthóireachtaí ar bhallraíocht san Aontas agus cibé acu an iarrthóirí oifigiúla nó iarrthóirí ionchasacha iad na tíortha is tairbhithe;

— a n-acmhainneacht mar tháirgeoir, mar allmhaireoir nó mar mhol trádála i ndáil le trádáil gnáth-threalamh agus gnáth-theicneolaíochtaí míleata;

— leibhéal aibíochta an chórais náisiúnta rialaithe onnmhairí atá acu cheana, agus aird ar leith á tabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar thacaíocht a fuarthas faoi aon chláir chomhair um rialú onnmhairí arm a bhí ann roimhe sin arna maoiniú ag an Aontas; agus

— an seasamh atá acu maidir le CTA.

I gcás nach bhfuil sna tíortha is tairbhithe a bhfuiltear á ndíriú orthu ach sínitheoirí CTA, ba cheart go bhféachfaí leis na gníomhaíochtaí — i gcás inarb indéanta — le fáil amach ar bhealach níos fearr cad iad na bacainní ar dhaingniú CTA, go háirithe i gcás inar de chineál dlítheanach nó rialála na bacainní sin agus go bhfuil baint acu le bearnaí nó le riachtanais ó thaobh acmhainneachtaí cur chun feidhme de. I gcás nach mbeidh aon chéim glactha i dtreo an CTA ag na tíortha a bhfuiltear á ndíriú orthu (gan síniú, daingniú ná aontachas), ba cheart go bhféachfaí le haontachas le CTA a chur chun cinn leis na gníomhaíochtaí, le tacaíocht ó thíortha eile is tairbhithe a bhfuil CTA daingnithe acu, b'fhéidir.

5.2. Cur síos ar an tionscadal

5.2.1. Ceardlanna réigiúnacha

Beidh suas le ceithre cheardlann réigiúnacha dhá lá i gceist leis an tionscadal, lena gcuirfear oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil ar fáil chomh maith le deis idirphlé a dhéanamh chun cur chuige réigiúnach a chomhdhlúthú i réimsí ábhartha na rialuithe ar onnmhairí gnáth-arm.

Áireofar ar na rannpháirtithe sna ceardlanna oifigigh rialtais de chuid na dtíortha is tairbhithe a bheidh á gcumhdach. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó na parlaimintí náisiúnta, ón tionsclaíocht agus ón tsochaí shibhialta, i measc ionadaithe eile, i gcás inarb iomchuí.

Saineolaithe ó riaracháin náisiúnta na mBallstát (lena n-áirítear iaroifigigh), ionadaithe ó thíortha atá tar éis iad féin a ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES, iad siúd a ghlac páirt sna ceardlanna 'oiliúint don oiliúnóir' (arna n-eagrú agus arna seoladh bunaithe ar an gcoincheap a ndearna BAFA forbairt air) faoin gCinneadh seo nó faoi Chinntí (CBES) 2020/1464, agus (CBES) 2021/2309, agus ionadaithe ón earnáil phríobháideach agus ón tsochaí shibhialta, is iad siúd a chuirfidh an oiliúint ar fáil.

Féadfaidh na ceardlanna a bheith ar siúl i dtír is tairbhí nó in áit eile agus tairgfear an rogha rannpháirtíochta hibridí leo, i gcás inarb iomchuí.

Eagrófar na ceardlanna réigiúnacha chun go ndéanfar cumhdach leathan ar na stáit is tairbhithe. Ba cheart an deis a thabhairt do gach tír is tairbhí freastal ar cheardlann réigiúnach amháin ar a laghad. Is féidir sineirgí le gníomhaíochtaí forrochtana rialaithe onnmhairí eile a bhaint amach trí imeachtaí a eagrú ceann i ndiaidh a chéile.

5.2.2. Gníomhaíochtaí Iltaobhacha agus Oiliúint ar Mhalartú Eolais

Is i bhfoirm gníomhaíochtaí iltaobhacha ina mbeidh ar a laghad dhá thír is tairbhí páirteach a bhfuil suim acu i saincheist ar údar imní coiteann í a bheidh an tionscadal chun eolas agus taithí maidir leis an tsaincheist áirithe seo a mhalartú. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a eagrú ar feadh suas le dhá lá i gceann de na tíortha is tairbhithe den Chinneadh seo, i mBallstát nó ar líne.

Saineolaithe ó riaracháin náisiúnta na mBallstát (lena n-áirítear iaroifigigh), ionadaithe ó thíortha atá tar éis iad féin a ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES, iad siúd a ghlac páirt sna ceardlanna 'oiliúint don oiliúnóir' (arna n-eagrú agus arna seoladh bunaithe ar an gcoincheap a ndearna BAFA forbairt air) faoin gCinneadh seo nó faoi Chinntí (CBES) 2020/1464, agus (CBES) 2021/2309, agus ionadaithe ón earnáil phríobháideach agus ón tsochaí shibhialta, is iad siúd a chuirfidh an oiliúint ar fáil.

5.2.3. Cúnamh aonair agus cianchúnamh do thíortha is tairbhithe

Beidh an tionscadal i bhfoirm ceardlann lena gcuirfear cúnamh ar fáil do thíortha aonair is tairbhithe i réimsí ar ábhar imní náisiúnta ar leith iad, arna iarraidh sin dóibh. Beidh oifigigh stáit ó na tíortha is tairbhithe, lena n-áirítear oifigigh rialtais, oifigigh cheadúnúcháin agus forfheidhmithe, agus, i gcás inarb iomchuí, ionadaithe ón tsochaí shibhialta, rannpháirteach sna ceardlanna. Ba cheart go mbeadh formáid dhá lá ar a laghad i gceist do na himeachtaí. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a eagrú i gceann de na tíortha is tairbhithe den Chinneadh seo, i mBallstát nó ar líne.

Tionólfar na ceardlanna cúnaimh aonair sin arna iarraidh sin do na tíortha is tairbhithe. Leis na ceardlanna sin, tá sé i gceist aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a bhaineann le rialú ar onnmhairiú arm arna tarraingt anuas ag tír is tairbhí, mar shampla, ar imeall ceardlainne réigiúnaí nó le linn teagmhálacha rialta le saineolaithe an Aontais agus le BAFA. I measc saincheisteanna eile, féadfaidh na ceardlanna sin aghaidh a thabhairt ar bhearta náisiúnta fothaithe acmhainneachta spriocdhírithe, ar fhor-rochtain ar an lucht tionsclaíochta agus/nó don saol acadúil, agus ar straitéisí oiliúna náisiúnta i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí tacaíocht aonair a chur ar fáil, i gcás inarb iomchuí agus éifeachtach, trí chúnamh cianda.

Cuirfidh saineolaithe ó riaracháin náisiúnta na mBallstát (lena n-áirítear iaroifigigh), ionadaithe na dtíortha atá tar éis iad féin a ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus ionadaithe na hearnála príobháidí a gcuid saineolais ar fáil. Daoine aonair a ghlac páirt sna ceardlanna 'oiliúint don oiliúnóir' (arna n-eagrú agus arna seoladh bunaithe ar an gcoincheap a ndearna BAFA forbairt air) faoin gCinneadh seo nó faoi Chinntí (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2021/2309, spreagfar iad freisin a gcuid saineolais a roinnt trí imeachtaí den chineál sin, i gcás inarb iomchuí.

5.2.4. Fothú acmhainneachta institiúidí agus bearta ardleibhéil

Suas le dhá chúrsa a bheidh i gceist leis an tionscadal agus beidh trí mhodúl i gceist leis; mairfidh gach cúrsa suas le 4 lá. Leis na cúrsaí sin, cuirfear tacaíocht ar fáil do thíortha is tairbhithe a bhfuil córais ardleibhéil rialaithe ar onnmhairiú arm acu chun a n-acmhainneacht náisiúnta féin a fhorbairt bunaithe ar chur i bhfeidhm leanúnach an chur chuige 'oiliúint don oiliúnóir'. Áireofar ar na scileanna a fhorbrófar san oiliúint sin eolaíocht teagaisc, aistriú eolais agus cuimhne institiúideach sa tír is tairbhe. Féadfaidh bearta fothaithe acmhainneachta institiúideacha arna dtairiscint faoin gCinneadh seo a bheith i bhfoirm tacaíocht a thabharfaí d'oiliúnóirí oilte chun oiliúint náisiúnta a eagrú agus a chur chun feidhme ina dtíortha baile. Ina theannta sin, féadfaidh an tacaíocht faoin Airteagal seo a bheith i bhfoirm cleachtaí idir piaraí a eagrú as a bhféadfadh tíortha is tairbhithe eile, i gcás inarb iomchuí, tairbhe a bhaint trína bheith rannpháirteach mar spriocghrúpa freisin.

Agus na gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc sa Chinneadh seo á gcur chun feidhme, ba cheart na hoiliúnóirí oilte a spreagadh a thuilleadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mar iolraitheoirí nó mar sholáthraithe eolais agus saineolais ar an leibhéal réigiúnach, trasréigiúnach agus idirnáisiúnta. Is é an sprioc atá ann tacú le tíortha imeacht ó chúnamh aonair agus a bheith níos uathrialaithí agus níos réamhghníomhaí agus rialuithe trádála straitéiseacha á gcur chun feidhme acu ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.

Beidh deis ag tíortha a thairbhigh de bhearta fothaithe acmhainneachta agus na bearta ardleibhéil a thuairiscítear thuas urraíocht a fháil chun páirt a ghlacadh i gcomhdháil thiomnaithe idirnáisiúnta maidir le rialú ar onnmhairiú, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí. Sna comhdhálacha sin, tabharfar rochtain do na tíortha comhpháirtíochta rannpháirteacha ar fhóram le haghaidh plé ardleibhéil a bhaineann le hábhair níos sofaisticiúla agus le saincheisteanna reatha maidir le rialú ar onnmhairiú. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfaí comhdháil nó cruinniú den chineál sin a eagrú go sonrach faoin gCinneadh seo, le go bhféadfadh saineolaithe an Aontais agus ionadaithe ardleibhéil na dtíortha comhpháirtíochta dul i dteagmháil lena chéile. Féadfar an t-imeacht a sheoladh i bhformáid hibrideach agus i gcomhthreo le himeachtaí for-rochtana eile le haghaidh tíortha is tairbhithe a bhfuil dul chun cinn déanta acu.

Tabharfaidh an chomhdháil seo deis do na tíortha rannpháirteacha is tairbhithe:

(a) faisnéis a fháil faoi na forbairtí is nuaí a bhaineann le rialuithe trádála arm (e.g. bealaí soláthair reatha, tionchar na nuatheicneolaíochtaí, saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas slándála);

(b) plé a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi ar féidir athruithe agus feabhsuithe a rinneadh le déanaí ar rialuithe trádála arm a chur chun feidhme mar chuid dá gcóras náisiúnta rialaithe onnmhairiúcháin féin;

(c) ábhair a foghlaimíodh le linn na gceardlann 'oiliúint don oiliúnóir' a phlé agus féachaint orthu arís.

5.2.5. Imeachtaí measúnaithe

Chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo, eagrófar imeacht measúnaithe deiridh ar líne. Tabharfar cuireadh do na tíortha is tairbhithe agus do na Ballstáit uile páirt a ghlacadh san imeacht measúnaithe deiridh.

6. Tairbhithe

6.1. Tíortha a thairbhíonn de ghníomhaíochtaí faoin gcinneadh seo ón gComhairle

Ní bheidh forluí idir raon feidhme na dtairbhithe faoin gcinneadh reatha agus na tairbhithe a chumhdaítear faoin gCinneadh (CBES) 2021/2309 mura bhforáiltear a mhalairt sna heisceachtaí a dheonaítear faoi roinn 6.2.

Is iad seo a leanas na tíortha is tairbhithe faoin gCinneadh seo:

a) Tíortha ó Oirdheisceart na hEorpa (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia agus an Chosaiv ([1]))

b) Tíortha Oirthear na hEorpa agus tíortha Cugasacha de chuid Bheartas Comharsanachta na hEorpa (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis ([2]), an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive)

c) Tíortha na hAfraice Thuaidh, na Meánmhara agus an Deiscirt de chuid Bheartas Comharsanachta na hEorpa (an Ailgéir, an Éigipt, Maracó, an Túinéis, an Iordáin agus an Liobáin

d) Tíortha na hÁise Láir (an Chasacstáin, an Táidsíceastáin, an Úisbéiceastáin, an Tuircméanastáin agus an Mhongóil).

e) an Úcráin

6.2. Leasú ar liosta na dtíortha is tairbhithe

Féadfaidh COARM, tar éis dul i gcomhairle leis an sásra comhordúcháin a luaitear i Roinn 3, a chinneadh tíortha a chur le liosta na dtairbhithe, ar choinníoll nach tairbhithe iad faoi Chinneadh (CBES) 2021/2309. I gcásanna eisceachtúla, nuair a mheastar go bhfuil fiúntas leis, féadfaidh an sásra comhordaithe a chomhaontú dul i dteagmháil leis na tairbhithe a chumhdaítear le Cinneadh (CBES) 2021/2309. Ba cheart modhnuithe a chur in iúl ar bhealach foirmiúil idir an BAFA agus an Aontais trí Chathaoirleach COARM.

([1]) Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([2]) Tá rannpháirtíocht na Bealarúise fós ar fionraí

Torthaí an tionscadail agus táscairí cur chun feidhme

Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sa mheasúnú ar thorthaí an tionscadail:

6.3. Measúnú aonair ar thíortha is tairbhithe

Tar éis dheireadh na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, cuirfidh BAFA tuarascáil ar dhul chun cinn ar fáil don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún maidir le gach ceann de na tíortha is tairbhithe dá dtagraítear i bhforoinn 6.1. Sa tuarascáil sin, déanfar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa tír is tairbhí le linn thréimhse an Chinnidh a achoimriú, agus déanfar measúnú agus cur síos ar acmhainneacht na tíre is tairbhí i réimse na rialuithe aistrithe arm bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil do BAFA. Is é an bonn measúnaithe a bheidh ann an chaoi a gcuireann an tír is tairbhí ionstraimí rialaithe i bhfeidhm mar atá leagtha síos i gComhsheasamh 2008/944/CBES, a mhéid is nach bhfuil feidhm acu seo maidir le Ballstáit amháin.

6.4. Measúnú tionchair agus táscairí cur chun feidhme

Ba cheart tionchar na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear leis an gCinneadh sin ar na tíortha is tairbhithe a mheasúnú tar éis na gníomhaíochtaí a bheith déanta. Is é an tArdionadaí, i gcomhar le COARM agus, mar is iomchuí, le Toscaireachtaí an Aontais sna tíortha is tairbhithe, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, a dhéanfaidh an measúnú tionchair.

Chun na críche sin, úsáidfear na táscairí seo a leanas:

— an bhfuil rialacháin ábhartha náisiúnta maidir le rialuithe ar aistriú arm i bhfeidhm agus an gcomhlíonann siad forálacha Chomhsheasamh 2008/944/CBES (inter alia, cur i bhfeidhm na gcritéar measúnaithe, cur chun feidhme liosta comhchoiteann míleata an Aontais, tuairisciú);

— i gcás ina mbeidh sí ar fáil, faisnéis maidir le cásanna forfheidhmithe;

— an bhfuil na tíortha is tairbhithe in ann onnmhairiú arm agus/nó allmhairiú a thuairisciú (e.g. Clár na Náisiún Aontaithe, tuairisciú bliantúil ATT, Socrú Wassenaar, an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, tuarascálacha chuig parlaimintí náisiúnta);agus

— an bhfuil ailíniú déanta ag an tír is tairbhí le Comhsheasamh 2008/944/CBES, nó an bhfuil sé ar intinn aici ailíniú go hoifigiúil leis.

Ba cheart go dtagródh na tuarascálacha measúnaithe aonair dá dtagraítear i bhforoinn 7.1 do na táscairí cur chun feidhme sin mar is iomchuí.

7. Úsáid thairseach gréasáin P2P an Aontais a chur chun cinn ([3])

Is mar acmhainn atá faoi úinéireacht an Aontais a forbraíodh tairseach gréasáin P2P AE dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/711/CBES. Is mar chomhardán do chláir fhor-rochtana uile an Aontais (dé-úsáid, airm) a fheidhmíonn sé. Is chun feasacht a ardú maidir le tairseach gréasáin for-rochtana an Aontais agus a húsáid a chur chun cinn atá na gníomhaíochtaí atá liostaithe i roinn 5.2. Ba cheart rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí for-rochtana a chur ar an eolas maidir leis an gcuid phríobháideach den tairseach gréasáin lena dtugtar rochtain bhuan ar acmhainní, ar dhoiciméid agus ar theagmhálacha. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart úsáid na tairsí gréasáin a chur chun cinn d'oifigigh eile nach bhfuil in ann páirt dhíreach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cúnaimh agus for-rochtana. Ina theannta sin, ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun cinn trí Nuachtlitir P2P an Aontais.

8. Infheictheacht an Aontais

Déanfaidh BAFA gach beart is iomchuí chun a phoibliú go bhfuil an ghníomhaíocht á maoiniú ag an Aontas. Cuirfear na bearta sin chun feidhme i gcomhréir leis an lámhleabhar um ghníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach. Dá bhrí sin, áiritheoidh BAFA infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais agus an fheasacht ar na cúiseanna atá leis an gCinneadh á mhéadú, chomh maith le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais ar taispeáint go feiceálach ar an ábhar a tháirgeann an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an lógó "clár rialaithe onnmhairiúcháin P2P an Aontais". Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach in imeachtaí i dtríú tíortha chun feabhas a chur ar an obair leantach pholaitiúil agus ar an infheictheacht.

([3]) https://cbrn-risk-mitigation.network.europa.eu/eu-p2p-export-control-programme_en agus https://circabc.europa.eu/

Ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór idir raon feidhme agus chineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, ba cheart go n-úsáidfí réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear na meáin thraidisiúnta, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, agus ábhair faisnéise agus fógraíochta (lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile de réir mar is iomchuí). Déanfar foilseacháin agus imeachtaí poiblí, arna soláthar faoin tionscadal, a bhrandáil dá réir sin.

9. Tuairisciú

Ullmhóidh an t-eintiteas cur chun feidhme tuarascálacha ráithiúla rialta ina mbeidh cur síos achomair ar dhul chun cinn an tionscadail, chomh maith le tuarascálacha misin tar éis gach gníomhaíocht a chur i gcrích. Cuirfear na tuarascálacha faoi bhráid an Ardionadaí tráth nach déanaí ná sé seachtaine tar éis na gníomhaíochtaí ábhartha a bheith curtha i gcrích.